



TÉACSANNA ARNA nGLACADH

Eagrán sealadach

P8_TA-PROV(2019)0139

Faisnéis leictreonach faoi iompar lastais ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2019 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (COM(2018)0279 – C8-0191/2018 – 2018/0140(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0279),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagail 91, 100(2) agus 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic a Coimisiún an togra don Parlaimint (C8-0191/2018),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do thuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa 17 Deireadh Fómhair 2018¹,
 - tar éis di dul i gcomhairle le Coiste Eorpach na Réigiún,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A8-0060/2019),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ IO C 62, 15.2.2019, lch. 265.

P8_TC1-COD(2018)0140

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 12 Márta 2019
chun go nglacfaí Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
maidir le faisnéis leictreonach ar iompar lastais**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91,
Airteagal 100(2) agus Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint do thuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach³,

² IO C 62, 15.2.2019, lch. 265.

³ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Márta 2019 .

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá éifeachtacht an iompair agus na lóistíochta lastais ríthábhachtach d'iomáiochas gheilleagar an Aontais **agus** don **fhás** a thiocfaidh air, d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus do chomhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch gach réigiúin de chuid an Aontais. [Am. 1]
- (1a) ***Is é is cuspóir don Rialachán seo laghdú a dhéanamh ar chostais phróiseáil na faisnéise faoi iompar idir údaráis agus oibreoirí eacnamaíocha, feabhas a chur ar chumais fhorfheidhmithe na n-údarás agus digitiú an iompair lastais agus na lóistíochta lastais.*** [Am. 2]
- (2) Le gluaiseacht earraí déantar méid mór faisnéise a mhalartú agus déantar é a mhalartú fós i bhformáid pháipéir, i measc gnólachtaí agus idir gnólachtaí agus na húdaráis phoiblí. Is éard atá in úsáid doiciméad páipéir ná ualach suntasach riaracháin **agus costas breise** d'oibreoirí lóistíochta agus **do thionscail ghaolmhara (amhail trádáil agus monarú), go háirithe do FBManna, atá tá tionchar diúltach aige ar an gcomhshaol.** [Am. 3]

(2a) *Is réamhriachtanas é d’iomaíocht chóir sa mhargadh inmheánach go ndéanfaí na rialacha a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tá sé riachtanach tuilleadh digitithe a dhéanamh ar an bhforfheidhmiú chun an acmhainn forfheidhmithe a mhéadú, chun laghdú a dhéanamh ar hualaí riaracháin neamhriachtanach ar oibreoirí iompair idirnáisiúnta agus go háirithe ar FBManna, agus chun díriú níos fearr ar oibreoirí iompair ardriosca agus chun cleachtais chalaioiseacha a bhrath. Mar gheall ar an bhforfheidhmiú digiteach ‘cliste’ sin, is gá go mbeidh an fhaisnéis ábhartha uile a bheith gan pháipéar agus go mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil do na húdaráis inniúla i bhfoirm leictreonach. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar riail amach anseo go mbainfí úsáid as doiciméid leictreonacha iompair. Ina theannta sin, maidir le hoifigigh forfheidhmithe, lena n-áirítear na hoifigigh sin a dhéanann seiceálacha cois bóthair, chun go soláthrófar dóibh forléargas soiléir agus iomlán ar na hoibreoirí iompair atá á seiceáil, ba cheart rochtain dhíreach agus fíor-ama a bheith acu ar gach faisnéis ábhartha, chun go mbeidh siad in ann sárúithe agus mínormáltachtaí a bhrath ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtaí. [Am. 4]*

- (3) Meastar gurb é an easpa creat dlíthiúil aonfhoirmeach ar leibhéal an Aontais lena gceanglófaí ar na húdaráis phoiblí glacadh le faisnéis ábhartha iompair lastais, arna cheangal leis an reachtaíocht, i bhfoirm leictreonach, an phríomhchúis leis an easpa dul chun cinn i dtreo an tsimplithe agus na héifeachtachta níos mó a bheadh ann dá mbeadh modh leictreonach ar fáil. Tá tionchar ag an easpa glactha ag na húdaráis phoiblí le faisnéis i bhfoirm leictreonach ní hamháin ar éascú na cumarsáide idir iad féin agus oibreoirí ach, go hindíreach, cuireann sé bac ar fhorbairt na cumarsáide leictreonaí simplithe gnólacht le gnólacht ar fud an Aontais agus ***beidh méadú ar chostais riaracháin dá thoradh sin, go háirithe do FBManna.*** [Am. 5]
- (4) I roinnt réimsí dlí iompair an Aontais ceanglaítear ar na húdaráis inniúla glacadh le faisnéis dhigitithe, ach ní bhaineann sé sin le reachtaíocht ábhartha uile an Aontais ná baol air. ***Chun ualaí riaracháin a laghdú agus chun rialuithe agus cur i gcoinne sáruithe a dhéanamh níos éifeachtúla,*** ba cheart go mbeifí in ann ***i gcónaí*** úsáid a bhaint as modh leictreonach chun faisnéis rialála faoi iompar lastais a chur ar fáil do na húdaráis ar fud chríoch an Aontais agus maidir le gach céim ábhartha de na hoibríochtaí iompair a dhéantar laistigh den Aontas. Lena chois sin, ba cheart an fhéidearthacht sin a bheith i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis rialála ar fad, i ngach modh iompair. ***Ba cheart do na Ballstáit glacadh le doiciméid leictreonacha iompair i gcoitinne, agus an prótacal maidir le eCMR a dhaingniú agus a chur i bhfeidhm gan mhoill. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis cumarsáid leictreonach a dhéanamh leis na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann maidir le faisnéis rialála agus a sonraí féin a chur ar fáil go digiteach, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.*** [Am. 6]

(5) Dá bhrí sin, ba cheart a chur de cheangal ar údaráis na mBallstát glacadh le faisnéis a chuirtear ar fáil go leictreonach i gcás ina bhfuil oibleagáid ar oibreoírí eacnamaíocha faisnéis a chur ar fáil mar fhianaise go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i ngníomhartha de chuid an Aontais arna nglacadh i gcomhréir le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh á gcomhlíonadh acu, nó, i bhfianaise a chosúla atá an dá chás, go bhfuil reachtaíocht an Aontais maidir le loingsiú dramhaíola á comhlíonadh acu. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin freisin i gcás ina gceanglaítear le reachtaíocht náisiúnta Ballstáit ina ndéileáiltear le cúrsaí arna rialú le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh, go soláthraítear faisnéis rialála atá ionann, go hiomlán nó i bpáirt, leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil faoin reachtaíocht sin de chuid an Aontais.

(5a) Chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun acmhainn forfheidhmithe ghann a mhéadú, ba cheart go gceanglófaí ar oibreoírí eacnamaíocha faisnéis rialála a sholáthar go leictreonach d'údaráis inniúla na mBallstát agus ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát cumarsáid leictreonach a dhéanamh leis na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann maidir le faisnéis rialála a sholáthar. [Am. 7]

(6) Ós rud é nach bhfuil sé beartaithe leis an Rialachán seo ach éascaíocht a dhéanamh ar sholáthar faisnéise agus é a spreagadh ***idir oibreoirí eacnamaíocha agus comhlachtaí riaracháin***, go sonrach, trí mhodh leictreonach, níor cheart don Rialachán difear a dhéanamh d'fhorálacha dhlí an Aontais ná an dlí náisiúnta lena gcinntear ábhar na faisnéise rialála, agus go sonrach, níor cheart aon cheanglas breise um fhaisnéis rialála a fhorchur leis. ~~É~~ ***Ós rud é*** go bhfuil sé beartaithe leis an Rialachán seo go bhféadfar ceanglais um fhaisnéis rialála a chomhlíonadh trí mhodhanna leictreonacha seachas trí bhíthin doiciméid pháipéir, ***ba cheart go bhféadfar Ardáin Eorpacha a fhorbairt leis chun an fhaisnéis a mhalartú agus a chomhroinnt go héasca***. Níor cheart dó difear a dhéanamh ar aon slí eile d'fhorálacha ábhartha an Aontais i ndáil leis na ceanglais a bhaineann leis na doiciméid atá le húsáid chun an fhaisnéis atá i gceist a chur i láthair ar bhealach struchtúrtha. Níor cheart dó difear a dhéanamh ach oiread d'fhorálacha reachtaíocht an Aontais maidir le dramhaíl ina leagtar amach ceanglais nós imeachta do loingsithe. Lena chois sin, níor cheart go ndéanfaí dochar leis an Rialachán seo do na forálacha maidir le hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 nó i ngníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe a glacadh faoi théarmaí an Rialacháin sin. ***Ba cheart don Choimisiún, áfach, measúnú a dhéanamh i dtaobh an gá na forálacha maidir le hábhar na gceanglas faisnéise rialála a mhéid a bhaineann le hiompar earraí ar chríoch an Aontais a oiriúnú chun cumais fhorfheidhmithe na n-údarás inniúil a fheabhsú.*** [Am. 8]

- (7) Ba cheart an úsáid a bhaintear as modhanna leictreonacha chun faisnéis a mhalartú i gcomhréir leis an Rialachán seo a eagrú ar bhealach lena n-áireofar slándáil faisnéise tráchtála íogaire agus lena n-urramófar rúndacht na faisnéise sin.
- (8) Lena chur ar chumas oibreoirí faisnéis ábhartha a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach ar an dóigh chéanna i ngach Ballstát, is gá brath ar shonraíochtaí comhchoiteanna, a ghlacfaidh an Coimisiún. Leis na sonraíochtaí sin ba cheart idir-inoibritheacht sonraí a áirithiú le haghaidh na dtacar agus na bhfothacar éagsúil sonraí maidir leis an bhfaisnéis rialála ábhartha, agus ba cheart nósanna imeachta comhchoiteanna agus rialacha mionsonraithe a shocrú leo maidir le rochtain agus próiseáil na faisnéise sin ag na húdaráis inniúla.

- (9) Agus na sonraíochtaí sin á sainiú, ba cheart aird chuí a thabhairt ar na sonraíochtaí ábhartha um malartú sonraí a leagtar síos i ndlí ábhartha an Aontais, agus sna caighdeáin ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le malartú sonraí ilmhódacha, *lena n-áirítear na forálacha RGCS. Ba cheart infheistíochtaí arna ndéanamh ag oibreoírí eacnamaíocha agus samhlacha sonraí a bheidh sonrathach don mhodh atá ann cheana a chur san áireamh freisin*, chomh maith leis na prionsabail agus na moltaí a leagtar amach sa Chreat Eorpach Idir-inoibritheachta⁴, ina soláthraítear cur chuige maidir le seachadadh seirbhísí poiblí digitithe Eorpacha arna chomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit. *Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go mbeidh na geallsealbhóirí ábhartha uile rannpháirteach i bhforbairt agus ullmhú na sonraíochtaí sin*. Ba cheart cúram cuí a ghlacadh chomh maith go mbeidh na sonraíochtaí sin fós neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus oscailte do theicneolaíochtaí nuálacha. [Am. 9]
- (10) Ba cheart a bhunú leis an Rialachán seo na ceanglais fheidhmiúla is infheidhme maidir le hardáin bunaithe ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a bhféadfadh oibreoírí eacnamaíocha úsáid a bhaint astu chun an fhaisnéis rialála ar iompar lastais a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach (eFTI) do na húdaráis inniúla (ardáin eFTI). Ba cheart coinníollacha a bhunú chomh maith do sholáthraithe seirbhíse ardáin eFTI tríú páirtí (soláthraithe seirbhíse eFTI).

⁴ Creat Eorpach Idir-inoibritheachta – Straitéis um Chur Chun Feidhme, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún (COM(2017)0134).

- (11) Chun muinín údaráis na mBallstát agus na n-oibreoirí eacnamaíocha araon a fhorbairt maidir le comhlíonadh na gceanglas sin ag ardáin eFTI agus ag soláthraithe seirbhísí eFTI, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát córas deimhniúchán a chur i bhfeidhm a mbeadh taca curtha faoi ag creidiúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵. ***De bharr go mbeidh tréimhse an chur chun feidhme réasúnta fada, ba cheart don Choimisiún a mheasúnú an bhféadfaí le teicneolaíochtaí, amhail an teicneolaíocht bhlocshlabhra, toradh atá cosúil leis an gcóras deimhniúcháin a ráthú agus, san am céanna, laghdú substaintiúil a dhéanamh ar chostais d'oibreoirí eacnamaíocha agus do na Ballstáit.*** [Am. 10]
- (12) ~~D'fhonn na coinníollacha aonfhoirmeacha sin a áirithiú i dtaca le cur chun feidhme na hoibleagáide glacadh le faisnéis rialála a chuirtear ar fáil i bhfoirm leictreonach de bhun an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶.~~ [Am. 11]

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, Lch. 30)

⁶ ~~Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, Lch. 13).~~

~~(13) — Go sonrach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun tacar comhchoiteann sonraí agus fothacair chomhchoiteanna sonraí a bhunú i ndáil leis na ceanglais um fhaisnéis rialála faoi seach arna geumhdach faoin Rialachán seo, chomh maith le nósanna imeachta comhchoiteanna agus rialacha mionsonraithe d'údaráis inniúla maidir le rochtain ar an bhfaisnéis agus próiseáil na faisnéise sin i gcás ina gcuireann na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann an fhaisnéis sin ar fáil ar mhodh leictreonach, lena n-áirítear rialacha mionsonraithe agus sonraíochtaí teicniúla. [Am. 12]~~

~~(14) — Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chomh maith chun rialacha mionsonraithe a bhunú le haghaidh chur chun feidhme na gceanglas maidir le hardáin eFTI agus soláthraithe seirbhíse eFTI. [Am. 13]~~

(15) Chun cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

- chun cuid B d'Iarscríbhinn I a leasú, chun liostaí na gceanglas um fhaisnéis rialála i reachtaíocht na mBallstát dár thug na Ballstáit fógra don Choimisiún ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo a chur san áireamh;

- chun Cuid A d'Iarscríbhinn I a leasú chun gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún agus lena mbunaítear ceanglais úra Aontais um fhaisnéis rialála i dtaca le hiompar earraí a chur san áireamh;
- chun cuid B d'Iarscríbhinn I a leasú chun aon fhoráil reachtaíochta náisiúnta ábhartha a chur san áireamh lena dtugtar isteach athruithe ar na ceanglais náisiúnta um fhaisnéis rialála, nó lena leagtar síos ceanglais úra ábhartha um fhaisnéis rialála a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus dár thug na Ballstáit fógra don Choimisiún ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo;
- chun gnéithe teicniúla áirithe den Rialachán seo a chomhlánú, is é sin maidir leis na rialacha i gcomhair deimhniúchán ardán eFTI agus soláthraithe seirbhíse eFTI.
- ***nósanna imeachta coiteanna, sonraíochtaí teicniúla agus rialacha mionsonraithe a bhunú d'údaráis inniúla maidir le rochtain a fháil agus próiseáil a dhéanamh ar na ceanglais faisnéise faoi seach a chumhdaítear leis an Rialachán seo, chomh maith le rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme na gceanglas maidir le hardáin eFTI agus le soláthraithe seirbhíse eFTI. [Am. 14]***

- (16) Tá sé an-tábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin chuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar an leibhéal saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁷. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmhligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmhligthe.
- (17) Toisc nach bhféadfaidh na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, is é sin cur chuige aonfhoirmeach a áirithiú maidir le glacadh ag údaráis na mBallstát le faisnéis iompair lastais a chuirtear ar fáil ar mhodh leictreonach, ach seachas sin go bhféadfaí, trí fhoras an ghá atá le ceanglais chomhchoiteanna a bhunú, iad a bhaint amach ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

⁷ IO L 123, 12.5.2016, Lch. 1

- (18) Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta trí mhodh leictreonach, ar sonraí iad a éilítear mar chuid den fhaisnéis rialála ar iompar lastais, a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸.
- (19) Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. Ba cheart faisnéis a bhailiú chun bonn eolais a chur faoin meastóireacht sin, agus chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na reachtaíochta i gcoinne na gcuspóirí atá á saothrú léi.
- (20) Ní féidir an Rialachán a chur i bhfeidhm go héifeachtúil sula gcuirfear na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme dá bhforáiltear i bhfeidhm. Dá réir sin ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó ... [cuir isteach an dáta], chun am a thabhairt don Choimisiún na gníomhartha sin aghlacadh.
- (20a) *Ba cheart don Choimisiún tús a chur láithreach le hobair ar na gníomhartha tarmligthe is gá chun moill bhreise a sheachaint agus chun a áirithiú go bhfuil a ndóthain ama ag oibreoirí eacnamaíocha agus ag na Ballstáit ullmhú chuige.***
[Am. 15]
- (21) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹, agus thug sé tuairim uaidh an ... [cuirtear isteach an dáta]¹⁰,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

⁸ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, Lch. 1)

⁹ Rialachán (CE) Uimh.45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, Lch. 1).

¹⁰ IO C...

Caibidil I

Forálacha Ginearálta

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear leis an Rialachán seo creat dlíthiúil maidir le faisnéis rialála a bhaineann le hiompar earraí ar chríoch an Aontais a thabhairt ar mhodh leictreonach, ***lena n-áirítear a idir-inoibritheacht***. Chun na críche sin, déantar é seo a leanas leis an Rialachán: [Am. 16]
 - (a) leagtar síos leis na coinníollacha faoina gceanglaítear ar údaráis inniúla na mBallstát glacadh le faisnéis rialála ~~nuair a chuireann~~ ***arna soláthar*** na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann ar fáil ar mhodh leictreonach í; [Am. 17]
 - (aa) ***leagtar síos leis na coinníollacha faoina gceanglaítear ar oibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann faisnéis rialála a chur ar fáil go leictreonach d'údaráis inniúla na mBallstát; [Am. 18]***
 - (ab) ***leagtar síos na coinníollacha faoina gceanglaítear ar údaráis inniúla na mBallstát cumarsáid leictreonach a dhéanamh leis na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann maidir le faisnéis rialála a sholáthar. [Am. 19]***
 - (b) leagtar síos leis na rialacha le haghaidh soláthar seirbhísí a bhaineann le faisnéis rialála a chur ar fáil ar mhodh leictreonach ag na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na ceanglais um fhaisnéis rialála a leagtar amach i ngníomhartha an Aontais lena leagtar síos na coinníollacha maidir le hiompar earraí ar chríoch an Aontais i gcomhréir le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh, nó lena leagtar síos na coinníollacha maidir le loingsiú dramhaíola **agus ceanglais um fhaisnéis rialála a mhéid a bhaineann le hiompar earraí arna leagan amach i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta is infheidhme san Aontas**. Ó thaobh loingsiú dramhaíola de, níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le rialuithe ag oifigí custaim, dá bhforáiltear sna **forálacha** is infheidhme de chuid an Aontais. Na gníomhartha de chuid an Aontais agus na ceanglais chomhfhreagracha um fhaisnéis rialála a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo, liostaítear iad i gCuid A d'Iarscríbhinn I.

[Am. 20]

Tá feidhm ag an Rialachán chomh maith maidir le ceanglais um fhaisnéis rialála a leagtar amach i ndlí na mBallstát ina ndéileáiltear le cúrsaí arna rialú le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh agus lena gceanglaítear go soláthrófar faisnéis rialála atá ionann, go hiomlán nó i bpáirt, leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil de bhun na gceanglas um fhaisnéis rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Déantar an reachtaíocht nós imeachta agus na ceanglais chomhfhreagracha um fhaisnéis rialála dá dtagraítear sa dara fhomhír a liostú i gCuid B d'Iarscríbhinn I, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 2(b).

3. Faoin ... [bliain amháin ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi fhorálacha na reachtaíochta náisiúnta agus na gceanglas comhfhreagrach um fhaisnéis rialála dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 2, a chuireofar i gCuid B d'Iarscríbhinn I. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún chomh maith faoi aon fhoráil úr reachtaíochta náisiúnta arna glacadh ina dhiaidh sin, a chumhdaítear faoin dara fomhír de mhír 2, agus lena dtugtar isteach athruithe ar na ceanglais um fhaisnéis rialála sin nó lena leagtar síos ceanglais úra ábhartha um fhaisnéis rialála, laistigh de mhí amháin ó ghlacadh forála dá leithéid.

Airteagal 2

Oiriúnú Iarscríbhinn I

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13, maidir le leasú ar Iarscríbhinn I chun:

- (a) tagairt do ghníomhartha tarmhligthe nó cur chun feidhme ar bith a chuimsiú arna nglacadh ag an gCoimisiún, lena mbunaítear ceanglais úra um fhaisnéis rialála i ndáil leis na gníomhartha dlí de chuid an Aontais lena rialaítear iompar earraí i gcomhréir le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh;

(b) tagairtí a chuimsiú do reachtaíocht náisiúnta agus do cheanglais um fhaisnéis rialála faoina dtugann na Ballstáit fógra i gcomhréir le hAirteagal 1(3).

(ba) tagairtí a ionchorprú do ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais lena rialaítear iompar earraí, lena mbunaítear ceanglais faisnéise rialála; [Am. 21]

(bb) tagairtí do choinbhinsiúin idirnáisiúnta atá infheidhme san Aontas a ionchorprú lena mbunaítear ceanglais um fhaisnéis rialála a bhaineann go díreach nó go hindíreach le hiompar earraí. [Am. 22]

Airteagal 3

Sainmhínthe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínthe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘faisnéis rialála’ faisnéis, bíodh sí curtha i láthair mar dhoiciméad nó ná bíodh, a bhaineann le hiompar lastais ar chríoch an Aontais, lena n-áirítear trí bhíthin idirthurais, nach mór d’oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann a chur ar fáil i gcomhréir leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) chun comhlíonadh cheanglais ábhartha na ngníomhartha lena mbaineann a chruthú;

- (2) ciallaíonn ‘ceanglas um fhaisnéis rialála’ ceanglas faisnéis rialála a chur ar fáil;
- (3) ciallaíonn ‘faisnéis leictreonach ar iompar lastais’ (eFTI) tacar gnéithe sonraí ar bith a phróiseáiltear ar thacaíocht leictreonach chun faisnéis rialála a mhalartú idir na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann agus na húdaráis inniúla phoiblí;
- (4) ciallaíonn ‘próiseáil’ aon oibríocht nó sraith oibríochtaí ar a fheidhmítear ar eFTI, trí mhodhanna uathoibrithe nó modhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó mionathrú, aisghabháil, comhairliúchán, úsáid, nochtadh trí tharchur, scaipeadh nó iad a chur ar fáil ar shlí eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, glanadh nó scriosadh;
- (5) ciallaíonn ‘ardán eFTI’ réiteach ar bith bunaithe ar an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), amhail córas oibriúcháin, timpeallacht oibriúcháin, nó bunachar sonraí, a bhfuil sé ceaptha a úsáid chun eFTI a phróiseáil;
- (6) ciallaíonn ‘forbróir ardán eFTI’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil ardán eFTI forbartha nó faighte acu chun faisnéis rialála a bhaineann lena ghníomhaíocht eacnamaíoch féin a phróiseáil, nó chun an t-ardán sin a chur ar an margadh;

- (7) ciallaíonn ‘seirbhís eFTI’ seirbhís a dhéanann próiseáil eFTI trí ardán eFTI, as féin nó i gcomhcheangal le réitigh TFC eile, lena n-áirítear ardáin eFTI eile;
- (8) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse eFTI’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn seirbhís eFTI do na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar bhonn conartha;
- (9) ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann’ aon oibreoir iompair nó lóistíochta, nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach, atá freagrach as faisnéis rialála a chur ar fáil do na húdaráis inniúla lena mbaineann i gcomhréir leis an gceanglas ábhartha um fhaisnéis rialála;
- (10) ciallaíonn ‘formáid atá inléite ag an duine’ bealach chun na sonraí a léiriú i bhfoirm leictreonach is féidir le duine nádúrtha a úsáid mar fhaisnéis gan tuilleadh próiseála a bheith de dhíth;
- (11) ciallaíonn ‘formáid meaisín-inléite’ bealach chun na sonraí a léiriú i bhfoirm leictreonach is féidir le duine nádúrtha a úsáid le haghaidh uathphróiseáil le meaisín;
- (12) ciallaíonn ‘comhlacht um measúnú comhréireachta’ comhlacht um measúnú comhréireacht laistigh de bhrí phointe 13 d’Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, atá creidiúnaithe i gcomhréir leis an Rialachán sin chun measúnú comhréireachta a dhéanamh ar ardán eFTI nó ar sholáthraí seirbhíse eFTI.

Caibidil II

Faisnéis rialála a chuirtear ar fáil ar mhodh leictreonach

Airteagal 4

Ceanglais maidir leis na hoibreoirí *n-oibreoirí* eacnamaíocha lena mbaineann [Am. 23]

1. I geás ina geireann **Cuirfidh** oibreoirí eacnamaíocha faisnéis rialála ar fáil go leictreonach. Déanfaidh siad amhlaidh ar bhonn sonraí arna bpróiseáil in ardán eFTI deimhnithe, *i gcomhréir le Airteagal 8*, agus, más infheidhme, déanfaidh soláthraí seirbhíse eFTI deimhnithe é, *i gcomhréir le hAirteagal 9* Cuirfear an fhaisnéis rialála ar fáil i bhformáid meaisín-inléite agus, arna iarraidh sin ón údarás inniúil, i bhformáid atá inléite ag an duine. [Am. 24]

Cuirfear faisnéis san fhormáid meaisín-inléite ar fáil trí nasc fíordheimhnithe, *idir-inoibritheach* agus slán le foinse sonraí ardáin eFTI. Cuirfidh na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann an seoladh idirlín in iúl trínar féidir an fhaisnéis a rochtain, mar aon le haon ghnéithe eile is gá ionas go mbeidh an t-údarás inniúil ábalta an fhaisnéis rialála a shainaithint go huathúil. [Am. 25]

Cuirfear faisnéis i bhformáid atá inléite ag an duine ar fáil láithreach lom, ar scáileán na ngléasanna leictreonacha ar leis an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann nó leis na húdaráis inniúla iad.

2. Déanfaidh na Ballstáit bearta le go mbeidh na húdaráis inniúla ábalta faisnéis rialála a chuireann na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann ar fáil i bhformáid meaisín-inléite a phróiseáil de bhun an dara fohír de mhír 1, i gcomhréir leis na forálacha arna mbunú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 7.

Airteagal 5

Glacadh ***le faisnéis rialála agus a soláthar*** ag údaráis inniúla [Am. 26]

Glacfaidh údaráis inniúla na mBallstát le faisnéis rialála a chuireann na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann ar fáil ar mhodh leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 4.

Déanfaidh údaráis na mBallstát cumarsáid leictreonach leis na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann maidir le faisnéis rialála. [Am. 27]

Airteagal 6

Faisnéis tráchtála faoi rún

Déanfaidh na húdaráis inniúla, soláthraithe seirbhísí eFTI agus na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann bearta chun rúndacht na faisnéise tráchtála a phróiseáiltear agus a mhalartaítear a áirithiú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 7

Tacar comhchoiteann sonraí eFTI, nósanna imeachta agus rialacha maidir le rochtain

~~Bunóidh an~~ ***Tabharfar de chumhacht don*** Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 chun*** an méid seo a leanas ~~trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme~~ a bhunú: [Am. 28]

- (a) tacar comhchoiteann sonraí eFTI agus fothacair chomhchoiteanna sonraí eFTI i ndáil leis na ceanglais um fhaisnéis rialála faoi seach, lena n-áirítear sainmhínte comhfhreagracha le haghaidh gach gné sonraí sa tacar comhchoiteanna sonraí agus sna fothacair choiteanna sonraí;
- (b) nósanna imeachta comhchoiteanna agus rialacha mionsonraithe, lena n-áirítear sonraíochtaí teicniúla comhchoiteanna, maidir le rochtain na n-údarás inniúil ar ardáin eFTI, lena n-áirítear nósanna imeachta chun an fhaisnéis rialála a chuireann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar fáil a phróiseáil;
- (ba) ***nósanna imeachta coiteanna agus rialacha mionsonraithe chun céannacht aon duine nádúrtha nó aon eintiteas dlíthiúil a eisíonn ráitis ceangailteach ó thaobh dlí a bhailíochtú faoin Rialachán seo.*** [Am. 29]

Úsáidfear samhlacha sonraí caighdeánacha agus tacair sonraí atá cheana ann arna saináithint i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta atá infheidhme san Aontas mar thagairt chun na sonraí eFTI, nósanna imeachta agus rialacha le haghaidh rochtana comhchoiteanna sin a shainiú. [Am. 30]

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta serúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2). [Am. 31]

Caibidil III

Ardáin agus seirbhísí eFTI

Roinn 1

Ceanglais maidir le hardáin agus seirbhísí eFTI

Airteagal 8

Ceanglais fheidhmiúla maidir le hardáin eFTI

1. ***Déanfar na hardáin eFTI a rialú leis na prionsabail ghinearálta maidir le neodracht theicneolaíoch chomh maith le hidir-inoibritheacht.*** Leis na hardáin eFTI a úsáidtear chun faisnéis rialála a phróiseáil soláthrófar feidhmiúlachtaí lena n-áirithítear an méid seo a leanas: **[Am. 32]**
 - (a) ~~gur féidir~~ ***nach mór*** sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679; **[Am. 33]**
 - (b) ~~gur féidir~~ ***nach mór*** sonraí tráchtála a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 6; **[Am. 34]**
 - (ba) tá ardáin eFTI agus na sonraí iontu idir-inoibritheach;*** **[Am. 35]**
 - (c) gur féidir nasc leictreonach uathúil sainaitheanta a bhunú idir na sonraí a phróiseáiltear agus loingsiú fisiceach sraith shocraithe earraí lena mbaineann na sonraí sin, óna thionscnamh go dtí an ceann scríbe, faoi théarmaí conartha aonair iompair beag beann ar chainníocht ná ar líon na geoimeádán, na bpaicistí, nó na bpiosaí ***nó nóta coinsíneachta;*** **[Am. 36]**

- (d) nach féidir sonraí a phróiseáil ach ar bhonn rochtain údaraithe agus fhíordheimhnithe amháin;
- (e) go dtaifeadtar gach oibríocht phróiseála go cuí chun go mbeifear ábalta, ar a laghad, gach oibríocht ar leith, an duine nádúrtha nó dlítheanach a rinne an oibríocht agus seicheamhú na n-oibríochtaí ar gach gné sonraí aonair a shainaithint; má bhaineann oibríocht leis an ngné sonraí atá ann a mhionathrú nó a ghlanadh, coimeádfar an bhunghné sonraí;
- (ea) go mbeidh rochtain láithreach ag na húdaráis inniúla ar an bhfaisnéis ábhartha uile, mar a fhoráiltear i reachtaíocht náisiúnta nó i reachtaíocht an Aontais, chun áirithiú a dhéanamh ar ord poiblí agus ar chomhlíonadh ghníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear iompar earraí i gcomhréir le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh; [Am. 37]**
- (f) gur féidir sonraí a chur i gcartlann agus iad a bheith fós ar fáil le haghaidh tréimhse chuí ama, i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha um fhaisnéis rialála;
- (g) go bhfuil sonraí cosanta ar éillitheacht agus ar ghadaíocht;
- (h) go dtagann na gnéithe sonraí a phróiseáiltear leis an tacar comhchoiteann sonraí eFTI agus na fothacair chomhchoiteanna sonraí eFTI, agus gur féidir iad a phróiseáil i gceann ar bith de theangacha oifigiúla an Aontais **nó i dteanga chomhoifigiúil i mBallstát. [Am. 38]**

- 1a. *Beidh formáid chaighdeánaithe eFTI ann ina mbeidh na ceanglais uile um fhaisnéis rialála a liostaítear i gcuid A d'Iarscríbhinn 1 agus na ceanglais uile um fhaisnéis rialála a liostaítear i gcuid B d'Iarscríbhinn 1 faoi roinn ainmnithe ar leith d'fhormáid eFTI arna liostú ag na Ballstáit. [Am. 39]*
2. *Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 chun rialacha mionsonraithe maidir leis na ceanglais a leagtar síos i mír 1 a bhunú. Déanfar na gníomhartha eur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta serúducháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2). [Am. 40]*

Airteagal 9

Ceanglais maidir le soláthraithe seirbhíse eFTI

1. Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse eFTI an méid seo a leanas:
 - (a) nach ndéanann ach úsáideoirí údaráithe próiseáil ar na sonraí agus go ndéanann siad amhlaidh de réir ról úsáideora agus cearta próiseála a bheidh sainithe go soiléir laistigh den ardán eFTI, i gcomhréir leis na gceanglais ábhartha um fhaisnéis rialála;
 - (aa) *go bhfuil na sonraí idir-inoibritheach; [Am. 41]*

- (b) go ndéantar sonraí a stóráil agus go mbíonn rochtain orthu le haghaidh ~~tréimhse chuí ama~~ **ar feadh ceithre bliana**, i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha um fhaisnéis rialála; [Am. 42]
- (c) go bhfuil rochtain láithreach ag na húdaráis **inniúla** ar fhaisnéis rialála a bhaineann le hoibríocht iompair lastais arna próiseáil trína n-ardáin eFTI, i gcás ina dtugann an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann an rochtain sin do na húdaráis **inniúla**; [Am. 43]
- (d) go bhfuil sonraí slánaithe go hiomchuí, lena n-áirítear i gcoinne próiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus i gcoinne cailleanais de thimpiste, i gcoinne scriosta nó i gcoinne damáiste.

2. ~~Glaofaí an~~ **Tugtar de chumhacht don** Choimisiún, ~~trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme,~~ **na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 chun** rialacha mionsonraithe maidir leis na ceanglais a leagtar síos i mír 1: ~~Déanfar~~ **na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta serúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2).** [Am. 44]

Roinn 3

Deimhniú

Airteagal 10

Comhlachtaí um measúnú comhréireachta

1. Beidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta creidiúnaithe de réir Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 chun deimhniúchán na n-ardán eFTI agus na soláthraithe seirbhíse eFTI a fheidhmiú faoi mar a leagtar amach in Airteagal 11 agus Airteagal 12 den Rialachán seo.
2. Chun críche creidiúnaithe, comhlíonfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn II.
3. Coinneoidh na Ballstáit liosta nuashonraithe de na comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe, agus de na hardáin eFTI agus na soláthraithe seirbhíse eFTI atá deimhnithe ag na comhlachtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 11 agus Airteagal 12. Cuirfidh siad an liosta sin ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin oifigiúil de chuid an rialtais. Déanfar an liosta a nuashonrú ~~ar bhonn rialta~~, **gan mhoill gach uair a tharlóidh athrú ar an bhfaisnéis atá ann** agus tráth nach déanaí ná an 31 Márta **Bealtaine** gach bliain. [Am. 45]

4. Faoin 31 Márta **Bealtaine** gach bliain, cuirfidh na Ballstáit na liostaí dá dtagraítear i mír 3 isteach chuig an gCoimisiún, mar aon le seoladh an láithreáin gréasáin ar ar foilsíodh na liostaí sin. Foilseoidh an Coimisiún nasc chuig seoltaí na láithreán gréasáin sin ar a leathanach gréasáin oifigiúil. [Am. 46]

Airteagal 11

Deimhniúchán ardán eFTI

1. Ar iarratas ó fhorbróir ardáin eFTI déanfaidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta measúnú ar chomhlíontacht an ardáin eFTI leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 8(1). Má bhíonn an measúnú dearfach, eiseofar deimhniú um chomhlíonadh. Má bhíonn an measúnú diúltach, cuirfidh an comhlacht um measúnú comhréireachta an fáth nach gcomhlíonann an t-ardán na ceanglais sin in iúl don iarratasóir.
 - 1a. ***Déanfar an deimhniúchán ar bhealach neamhspleách chun saobhadh ar an iomaíocht a sheachaint. Déanfar comhlíonadh le hardáin chaighdeánacha, atá cheana ann arna saináithint i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta atá infheidhme san Aontas, a áirithiú.*** [Am. 47]

- 1b. Na córais TF atá ann cheana, a úsáideann oibreoirí eacnamaíocha faoi láthair i dtionscal an iompair chun faisnéis rialála a sholáthar agus a chomhlíonann na ceanglais fheidhmiúla arna leagan síos in Airteagal 8(1), déanfar iad a dheimhniú mar ardáin eFTI. [Am. 48]***
2. Coinneoidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta liosta cothrom le dáta de na hardáin eFTI deimhnithe agus dóibh siúd a fuair measúnú diúltach. Déanfar an liosta nuashonraithe a tharchur chuig na húdaráis inniúla lena mbaineann gach uair a eisítear deimhniú nó measúnú diúltach.
 3. Beidh marc deimhniúcháin ag gabháil le faisnéis a chuirtear ar fáil do na húdaráis inniúla trí ardán eFTI deimhnithe.
 4. Déanfaidh forbróir an ardáin eFTI iarratas ar athmheasúnú ar a dheimhniúchán má athbhreithnítear na sonraíochtaí teicniúla arna nglacadh sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 7(2).
 5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir le deimhniúchán, maidir le húsáid an mhairc deimhniúcháin agus athnuachan dheimhniúchán na n-ardán eFTI.

Airteagal 12

Deimhniúchán soláthraithe seirbhíse eFTI

1. Ar iarratas ó sholáthraí seirbhíse eFTI déanfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta measúnú ar chomhlíontacht an tsoláthraí seirbhíse eFTI leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 9(1). Má bhíonn an measúnú dearfach, eiseofar deimhniú um chomhlíonadh. Má bhíonn an measúnú diúltach, cuirfidh an comhlacht um measúnú comhréireachta an fáth nach gcomhlíonann an soláthraí na ceanglais sin in iúl don iarratasóir.
2. Coinneoidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta liosta cothrom le dáta de na soláthraithe seirbhíse eFTI deimhnithe agus dóibh siúd a fuair measúnú diúltach. Cuirfear an liosta nuashonraithe ar fáil do na húdaráis inniúla lena mbaineann gach uair a eisítear deimhniú nó measúnú diúltach.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir le deimhniúchán soláthraithe seirbhíse eFTI.

Caibidil IV

Tarmligin cumhachta agus forálacha cur chun feidhme

Airteagal 13

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún chun na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2, *Airteagal 7*, *Airteagal 8(2)*, *Airteagal 9(2)*, Airteagal 11(5) agus Airteagal 12(3) ar feadh tréimhse neamhchinntithe ama ó ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. [**Am. 49**]
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 2, 7, *8(2)*, *9(2)*, 11(5) agus 12(3) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana. [**Am. 50**]

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr Beidh feidhm ag na **gníomhartha arna nglacadh** i gcomhréir le ***hAirteagal 2 bliain tar éis a dteacht i bhfeidhm***. [Am. 51]
- 4a. ***Sula ndéanfar gníomh tarmligthe a ghlacadh, áiritheoidh an Coimisiún comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann agus a gcomhlachtaí ionadaíocha sna fora iomchuí, eadhon tríd an ngrúpa saineolaithe arna bhunú le Cinneadh C(2018)5921final an 13.09.2018 ón gCoimisiún ('An Fóram Digiteach Iompair agus Lóistíochta')***. [Am. 52]
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2, Airteagal 10(5) agus Airteagal 11(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 14

Nós imeachta coiste

- ~~1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhri Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.~~
- ~~2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. [Am. 53]~~

CAIBIDIL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 15

Athbhreithniú

1. Faoi ... [eúig *trí* bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tíolacfaidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. ***Leis an meastóireacht sin, déanfar scrúdú go háirithe ar an bhféidearthacht raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú go gcuimseofaí faisnéis áirithe gnólacht le gnólacht, ar faisnéis í a bhfuil gá léi chun é a chruthú go gcomhlíontar na ceanglais ábhartha i ngníomhartha dlí an Aontais lena rialaítear iompar earraí i gcomhréir le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh.*** [Am. 54]

2. Tabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun an Tuarascáil sin a ullmhú don Choimisiún.

Airteagal 16
Monatóireacht

Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas don Choimisiún gach dhá bhliain agus den chéad uair faoin ... [dhá bhliain ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí:

1. líon na n-údarás inniúil a chuir bearta chun feidhme chun faisnéis a chuir oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ar fáil i gcomhréir le Airteagal 4(2) a rochtain agus a phróiseáil;
2. líon na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a chuir faisnéis rialála ar fáil d'údaráis inniúla na mBallstáit i gcomhréir le hAirteagal 4(1), arna mhiondealú de réir an mhodha iompair.

Soláthrófar an fhaisnéis sin do gach bliain atá cumhdaithe faoin tréimhse tuairiscithe.

Airteagal 17

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh sé i bhfeidhm ón ... [cuir isteach eithre **trí** bliana ón teacht i bhfeidhm]. **[Am. 55]**

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I
FAISNÉIS RIALÁLA A THAGANN FAOI RAON FEIDHME AN RIALACHÁIN SEO

Ceanglais um fhaisnéis rialála a leagtar síos i ndlí an Aontais

Cuimsítear sa tábla thíos na ceanglais um fhaisnéis rialála a leagtar amach sna gníomhartha de chuid an Aontais lena leagtar síos na coinníollacha maidir le hiompar earraí ar chríoch an Aontais i gcomhréir le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh mar aon leis na coinníollacha maidir le loingsiú dramhaíola:

Reachtaíocht AE Ítim faisnéise	Rialachán Uimh. 11 ón gComhairle maidir le deireadh a chur le hidirdhealú i rátaí agus coinníollacha iompair IO 052 (16.08.1960, lgh. 1121–1126)	Treoir 92/106/CEE maidir le comhrialacha a bhunú do shaghsanna áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir Ballstáit; IO L 368 (17.12.1992, lgh. 38–42)	[Togra COM(2017) 648 final - 2017/0290 (COD) lena leasaítear Treoir 92/106/CEE]	Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar IO L 300/72 (14.11.2009, lgh. 72-87)	[Togra COM(2017) 0281 final - 2017/0123 (COD) lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009]	Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil eitlíochta IO L 299/1 (14.11.2015, lgh. 1-142)	Treoir 2008/68/CE maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha IO L 260 (30.9.2008, lgh. 13–59) Tagairtí do ADR, RID, ADN ¹¹	Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 maidir le loingsiú dramhaíola IO L 190 (12.7.2006, lgh. 1-98)
Ainm agus seoladh an choinsíneora	Airteagal 6.1	Airteagal 3 (tagairt d’Airteagal 6 de Rialachán Uimh. 11 ón gComhairle)						
Cineál agus meáchan na n-earraí	Airteagal 6.1	Airteagal 3 (tagairt d’Airteagal 6 de Rialachán Uimh. 11 ón gComhairle)						
Áit agus dáta ghlacadh na n-earraí lena n-iompar	Airteagal 6.1	Airteagal 3 (tagairt d’Airteagal 6 de Rialachán Uimh. 11 ón gComhairle)						

¹¹ Ní mór tagairtí do ADR, RID agus ADN a thuiscint de réir bhrí Airteagal 2(1), 2(2) agus 2(3) de Threoir 2008/68/CE. Na huimhreacha dá dtagraítear, is iad uimhreacha na nIarscríbhinní a ghabhann le ADR, RID agus ADN faoi seach.

An áit a bhfuil na hearraí le seachadadh chuici	Airteagal 6.1	Airteagal 3 (tagairt d'Airteagal 6 de Rialachán Uimh. 11 ón gComhairle)						
An bealach atá le glacadh, nó an t-achar atá le taisteal, má thugtar údar leis na tosca sin le rátaí difriúil ón ráta a bhíonn infheidhme de ghnáth	Airteagal 6.1	Airteagal 3 (tagairt d'Airteagal 6 de Rialachán Uimh. 11 ón gComhairle)						
Pointe trasnaithe teorainneacha, más iomchuí	Airteagal 6.1	Airteagal 3 (tagairt d'Airteagal 6 de Rialachán Uimh. 11 ón gComhairle an 27 Meitheamh 1960)						
Stáisiúin luchtaithe agus díluchtaithe iarnróid		Airteagal 3						
Calafoirt luchtaithe agus díluchtaithe uiscebhealaí intíre		Airteagal 3						
Calafoirt luchtaithe agus díluchtaithe mhuirí		Airteagal 3						
Stampa greamaithe ag na húdaráis iarnróid nó chalafoirt sna stáisiúin iarnróid nó san uiscebhealach intíre nó sa chalafoirt mara lena mbaineann nuair a bheidh an chuid sin den turas a rinneadh d'iarnród nó d'uiscebhealach intíre curtha i gcrích		Airteagal 3						
[Ainm, seoladh, sonraí teagmhála agus síniú an tseoltóra]			[Airteagal 3.2(a) (a chuirtear in ionad airteagal 3 de Threoir 92/106/CEE ón gComhairle)]					
[An áit agus an dáta a dtosaítear oibríochtaí comhcheangailte iompair san Aontas]			[Airteagal 3.2(b) (a chuirtear in ionad airteagal 3 de Threoir 92/106/CEE) ón gComhairle]					

[Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an choinsíneora]			[Airteagal 3.2(c) (a chuirtear in ionad airteagal 3 de Threoir 92/106/CEE) ón gComhairle]				
[An áit agus an dáta a gcríochnaítear oibríochtaí comhcheangailte iompair san Aontas]			[Airteagal 3.2(d) (a chuirtear in ionad airteagal 3 de Threoir 92/106/CEE) ón gComhairle]				
[Fad na líne dírí trasna na tíre idir an áit a dtosaítear an oibríocht chomhcheangailte iompair agus an áit a gcríochnaítear an oibríocht chomhcheangailte iompair san Aontas]			[Airteagal 3.2(e) (a chuirtear in ionad airteagal 3 de Threoir 92/106/CEE) ón gComhairle]				
<p>[Cur síos, arna shíniú ag an seoltóir, ar bhealach na hoibríochta comhcheangailte iompair lena n-áirítear ar a laghad na sonraí seo a leanas maidir le gach cuid den mhodh iompair arb é an chéim neamhbhóthair, den oibríocht laistigh den Aontas:</p> <p>(i) ord na gcéimeanna (i.e. an chéad chéim, an chéim neamhbhóthair nó an chéim dheiridh);</p> <p>(ii) ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an iompróra;</p> <p>(iii) modh iompair agus a ord san oibríocht.]</p>			[Airteagal 3.2(f) (a chuirtear in ionad airteagal 3 de Threoir 92/106/CEE) ón gComhairle]				
[Sainithint ar an aonad loid idirmhódaigh atá á iompar]			[Airteagal 3.2(g) (a chuirtear in ionad airteagal 3 de Threoir 92/106/CEE)]				

			ón gComhairle]					
<p>[Le haghaidh na céime tosaigh iompair:</p> <p>(i) áit an trasloingsithe chuig an gcéim neamhbhóthair;</p> <p>(ii) fad na céime tosaigh iompair de bhóthar i líne dhíreach trasna na tíre idir áit an loingsithe agus an chéad chríochfort trasloingsithe;</p> <p>(iii) i gcás ina bhfuil an chéim bhóthair tosaigh curtha i gcrích, síniú an iompróra á dheimhniú gur cuireadh an oibríocht iompair ar an gcéim bhóthair i gcrích]</p>			[Airteagal 3.2(h) (a chuirtear in ionad airteagal 3 de Threoir 92/106/CEE) ón gComhairle]					
<p>[Don chéim dheiridh iompair de bhóthar:</p> <p>(i) an áit a dtógtar na hearraí ar láimh ón gcéim neamhbhóthair (iompar d'iarrród, iompar d'uiscebhealaí intíre nó iompar muirí);</p> <p>(i) fad na céime deiridh iompair de bhóthar i líne dhíreach trasna tíre idir áit an trasloingsithe agus an áit a gcríochnaítear an oibríocht iompair chomhcheangailte san Aontas);]</p>			[Airteagal 3.2(i) (a chuirtear in ionad airteagal 3 de Threoir 92/106/CEE) ón gComhairle]					
<p>[Le haghaidh na céime neamhbhóthair:</p> <p>(i) i gcás ina bhfuil an chéim neamhbhóthair curtha i gcrích, síniú an iompróra (nó síniú na n-iompróirí, i gcás ina raibh dhá cheann nó níos mó d'oibríochtaí neamhbhóthair ann le linn na céime neamhbhóthair) á dheimhniú gur cuireadh an oibríocht iompair ar an gcéim neamhbhóthair i gcrích;</p> <p>(ii) nuair atá sé sin ar fáil, síniú nó séala na n-údarás ábhartha iarrróid nó calafoirt sna críochfoirt ábhartha (stáisiún traenach nó calafort) lena mbaineann feadh na hoibríochta ar an gcéim neamhbhóthair á dheimhniú gur cuireadh an chuid ábhartha den chéim neamhbhóthair i gcrích.]</p>			[Airteagal 3.2(j) (a chuirtear in ionad airteagal 3 de Threoir 92/106/CEE) ón gComhairle]					
Ainm, seoladh agus síniú an tseoltóra				Airteagal 8.3(a)	[Airteagal 8.3(a) (níl aon athruithe beartaithe)]			
Ainm, seoladh agus síniú an iompróra				Airteagal 8.3(b)	[Airteagal 8.3(b) (níl aon athruithe beartaithe)]			

Ainm agus seoladh an choinsíní chomh maith lena shíniú agus dáta an tseachadta nuair a bheidh na hearraí seachadta				Airteagal 8.3(c)	[Airteagal 8.3(c) (níl aon athruithe beartaithe)]			
An áit agus an dáta a gabhadh seilbh ar na hearraí agus an áit arna sainiú le haghaidh an tseachadta;				Airteagal 8.3(d)	[Airteagal 8.3(d) (níl aon athruithe beartaithe)]			
An cur síos sa teanga coitianta ar chineál na n-earraí agus ar mhodh a bpacála, agus i gcás earraí contúirteacha, an cur síos a aithnítear go ginearálta chomh maith le huimhir na bpacáistí agus na marcanna agus na huimhreacha speisialta a ghabhann leo				Airteagal 8.3(e)	[Airteagal 8.3(e) (níl aon athruithe beartaithe)]			
Ollmhais na n-earraí nó bealach ar bith eile lena gcainníocht a chur in iúl				Airteagal 8.3(f)	[Airteagal 8.3(f) (níl aon athruithe beartaithe)]			
Uimhirphlátaí na mótarfheithicle agus an leantóra				Airteagal 8.3(g)	[Airteagal 8.3(g) (níl aon athruithe beartaithe)]			
Aitheantóir uathúil alfa-uimhriúil an ghníomhaire rialaithe mar a fuarthas é ón údarás iomchuí						larscríbhinn 6.3.2.6(a)		
Aitheantóir uathúil na coinsíneachta, amhail uimhir (teach nó máistir) bille aeriompair						larscríbhinn 6.3.2.6(b)		
Ábhar na coinsíneachta (**)						larscríbhinn 6.3.2.6(c)		
Stádas slándála na coinsíneachta, ina sonraítear: - 'SPX', a chiallaíonn slán do gach paisinéir, aerárthach uile-lasta nó uile-phoist, nó - 'SCO', a chiallaíonn slán do gach aerárthach uile-lasta nó uile-phoist amháin, nó - 'SHR', a chiallaíonn slán do gach paisinéir, aerárthach uile-lasta nó uile-phoist de réir ceanglais ardriosca						larscríbhinn 6.3.2.6(d)		
An chúis lenar eisíodh an stádas slándála, ina sonraítear: - 'KC', a chiallaíonn go bhfuarthas é ó choinsíneoir aitheanta, nó - 'AC', a chiallaíonn go bhfuarthas é ó choinsíneoir cuntais, nó - 'RA', a chiallaíonn gur roghnaigh gníomhaire rialaithe é, nó						larscríbhinn 6.3.2.6(e)		

- An dóigh nó na modhanna scagtha a úsáideadh, nó								
- Na forais leis an gcoinsíneacht a dhíolmhú ón scagadh								
Ainm an duine a d'eisigh an stádas slándála, nó aitheantas coibhéiseach, agus dáta agus tráth na heisiúna								larscríbhinn 6.3.2.6(f)
An t-aitheantóir uathúil a fuarthas ón údarás iomchuí, de ghníomhaire rialaithe ar bith a ghlac leis an stádas slándála a thug gníomhaire rialaithe eile i leith coinsíneachta								larscríbhinn 6.3.2.6(g)
Faisnéis ghinearálta a éilítear sa doiciméad iompair								5.4.1.1.1
Faisnéis ghinearálta a éilítear le haghaidh iompar i dtancaeir								5.4.1.1.2 – ADN amháin
Faisnéis shonrach a éilítear is gá a chur san áireamh i gcás cineálacha áirithe earraí contúirteacha, nó i gcás gabhdáin áirithe, nó i gcás slabhra iompair lena n-áirítear modhanna éagsúla iompair, de réir na bhforálacha speisialta i gCaibidil 5.4 de na hlarscríbhinní a ghabhann le ADR, RID agus ADN faoi seach								5.4.1.1.3 go 5.4.1.1.21 – ADR agus RID 5.4.1.1.3 go 5.4.1.1.22 – ADN
Faisnéis bhreise agus faisnéis speisialta a éilítear i gcás aicmí áirithe d'earraí contúirteacha								5.4.1.2
Earraí neamhchontúirteacha								5.4.1.5
Deimhniú um pacáil coimeádáin								5.4.2
Treoracha i scríbhinn								5.4.3
Faisnéis sa doiciméid fógartha le haghaidh loingsithe dramhaíola atá faoi réir an nós imeachta maidir le réamhfhógra agus réamhthoilú i scríbhinn de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006								larscríbhinn IA
Faisnéis sa doiciméid gluaiseachta le haghaidh loingsithe dramhaíola atá faoi réir an nós imeachta maidir le réamhfhógra agus réamhthoilú i scríbhinn de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006								larscríbhinn IB
Faisnéis sa doiciméid a ghabhann le loingsithe dramhaíola atá faoi réir na gceanglas ginearálta faisnéise in Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006								larscríbhinn VII

Dlí na mBallstát

Sa tábla thíos liostaítear reachtaíocht náisiúnta ábhartha na mBallstát ina ndéileáiltear le cúrsaí arna rialú le Teideal VI de Chuid a Trí den Chonradh agus lena gceanglaítear go soláthrófar faisnéis rialála atá ionann, go hiomlán nó i bpáirt, leis an bhfaisnéis atá sainithe i bpointe A den larscríbhinn seo.

[Ballstát]

Reachtaíocht	[Tagairt reachtaíochta]	[Tagairt reachtaíochta]	[...]	[Tagairt reachtaíochta]
Ítim faisnéise				
[Ítim faisnéise faoi mar a shainítear in airteagal an ghnímh dlí lena mbaineann]	[Tagairt airteagail]	[Tagairt airteagail]		[Tagairt airteagail]
[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
[Ítim faisnéise faoi mar a shainítear in airteagal an ghnímh dlí lena mbaineann]	[Tagairt airteagail]	[Tagairt airteagail]	[...]	[Tagairt airteagail]

[Ballstát]

Reachtaíocht	[Tagairt reachtaíochta]	[Tagairt reachtaíochta]	[...]	[Tagairt reachtaíochta]
Ítim faisnéise				
[Ítim faisnéise faoi mar a shainítear in airteagal an ghnímh dlí lena mbaineann]	[Tagairt airteagail]	[Tagairt airteagail]		[Tagairt airteagail]
[...]	[...]	[...]	[...]	[...]
[Ítim faisnéise faoi mar a shainítear in airteagal an ghnímh dlí lena mbaineann]	[Tagairt airteagail]	[Tagairt airteagail]	[...]	[Tagairt airteagail]

IARSCRÍBHINN II
CEANGLAIS A BHAINNEANN LE COMHLACHTAÍ A dTUGTAR FÓGRA DÓIBH

1. Chun críche fógra, comhlíonfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar síos i míreanna 2 go 11.
2. Bunófar comhlacht um measúnú comhréireachta faoi dhlí náisiúnta Ballstáit agus beidh pearsantacht dhlíteanach aige.
3. Beidh comhlacht um measúnú comhréireachta ina chomhlacht tríú páirtí a bheidh neamhspleách ar an eagraíocht nó ar an ardán eFTI nó ar an soláthraí seirbhíse eFTI ar a ndéanfaidh sé measúnú.

Comhlacht ar le cumann gnó nó cónaidhm ghairmiúil é a dhéanann ionadaíocht ar son gnóthas atá bainteach i ndearadh, monaraíocht, soláthar, cóimeáil, úsáid nó cothabháil ardán nó soláthraí seirbhíse eFTI ar a ndéanann sé measúnú, d'fhéadfaí a mheas, ar an gcoinníoll go léireofar a neamhspleáchas agus nach bhfuil coinbhleacht leasa ar bith ag baint leis, gur comhlacht den sórt sin atá ann.

4. Ní bheidh comhlacht um measúnú comhréireachta, a lucht bainistíochta barrleibhéil agus an pearsanra atá freagrach as tascanna an mheasúnaithe comhréireachta a dhéanamh ina dhearthóir, ina mhonaróir, ina sholáthraí, ina shuiteálaí, ina cheannaitheoir, ina úinéir, ina úsáideoir ná ina chothabhálaí den ardán eFTI nó den soláthraí seirbhíse eFTI, nó ní bheidh sé ina ionadaí ar son aon cheann de na páirtithe sin.

Ní bheidh comhlacht um measúnú comhréireachta, a lucht bainistíochta barrleibhéil agus an pearsanra atá freagrach as tascanna an mheasúnaithe comhréireachta a dhéanamh bainteach go díreach le dearadh, monarú nó tógáil, margáiocht, suiteáil, úsáid nó cothabháil an ardáin eFTI nó an tsoláthraí seirbhíse eFTI, nó ní dhéanfaidh sé ionadaíocht ar son na bpáirtithe a dhéanann na gníomhaíochtaí sin. Ní bheidh siad páirteach i ngníomhaíocht ar bith a d'fhéadfadh teacht salach ar a neamhspleáchas breithiúnais nó ionracais i ndáil le gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta a dtugtar fógraí dóibh ina leith. Beidh feidhm acu go háirithe maidir le seirbhísí sainchomhairleoireachta.

Áiritheoidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta nach rachaidh gníomhaíochtaí a bhfochuideachtaí nó a bhfochonraitheoirí i gcion ar rúndacht, oibiacht nó neamhchlaontacht a ngníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta.

5. Déanfaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta agus a bpearsanra na gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta le hionracas gairmiúil den scoth agus leis an gcumas teicniúil riachtanach sa réimse sonrach agus beidh siad saor ó gach brú agus gach dreasacht, go háirithe ó thaobh airgeadais de, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a mbreithiúnas nó ar thorthaí a ngníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta, go háirithe i ndáil le daoine nó grúpaí daoine a bhfuil leas acu i dtorthaí na ngníomhaíochtaí sin.

6. Beidh comhlacht um measúnú comhréireachta ábalta na tascanna measúnaithe comhréireachta ar fad a thabharfar dó le hAirteagal 12 agus Airteagal 13 ar tugadh fógra dó ina leith a dhéanamh, cibé acu a dhéanfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta na tascanna sin é féin nó a dhéanfar iad thar a cheann agus faoina fhreagracht.

I gcónaí agus le haghaidh gach nós imeachta um dheimhniúchán ar tugadh fógra dó ina leith, beidh an méid seo a leanas is gá ar fáil don chomhlacht um measúnú comhréireachta:

- (a) pearsanra ag a bhfuil eolas teicniúil agus taithí dhóthanach agus iomchuí chun na tascanna measúnaithe comhréireachta a dhéanamh;
- (b) cur síos ar na nósanna imeachta a ndéantar an measúnú comhréireachta dá réir, rud a áirithíonn trédhearcacht agus cumas mhacasamhail na nósanna imeachta sin. Beidh na beartais agus na nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm aige lena ndéantar idirdhealú idir na tascanna a dhéanann sé mar chomhlacht a dtugtar fógra dó agus gníomhaíochtaí eile.
- (c) nósanna imeachta maidir le feidhmiú na ngníomhaíochtaí ina dtugtar aird chuí do mhéid gnóthais, don earnáil ina n-oibríonn sé, dá struchtúr agus dá chasta is atá an teicneolaíocht lena mbaineann.

Beidh an acmhainn ag an gcomhlacht um measúnú comhréireachta is gá chun na tascanna teicniúla agus riaracháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta a dhéanamh ar mhodh cuí.

7. Beidh an méid seo a leanas ag an bpearsanra atá freagrach as na tascanna measúnaithe comhréireachta a dhéanamh:
- (a) oiliúint theicniúil agus gairmoiliúint shlán faoina gcumhdaítear na gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta ar fad ar tugadh fógra don chomhlacht um measúnú comhréireachta ina leith;
 - (b) eolas sásúil faoi cheanglais na measúnuithe a dhéanann siad agus údarás imleor chun na measúnuithe sin a dhéanamh;
 - (c) eolas agus tuiscint iomchuí ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9;
 - (d) an cumas deimhnithe um chomhlíonadh, taifid agus tuarascálacha ina léirítear go ndearnadh na measúnuithe a dhréachtú.
8. Ráthófar neamhchlaontacht na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta, a lucht bainistíochta barrleibhéil agus a bpearsanra atá freagrach as na tascanna measúnaithe comhréireachta a dhéanamh.

Ní bhraithfidh luach saothair an lucht bainistíochta barrleibhéil agus an bpearsanra atá freagrach as tascanna measúnaithe comhréireachta de chuid comhlachta um measúnú comhréireachta a dhéanamh ar líon na measúnuithe a dhéantar ná ar thorthaí na measúnuithe sin.

9. Glacfaidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta árachas dliteanas seachas má tá dliteanas glactha ag an Stát i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó gurb é an Ballstát féin atá freagrach go díreach as an measúnú comhréireachta.
10. Cloífidh pearsanra an chomhlachta um measúnú comhréireachta le rúndacht ghairmiúil i ndáil leis an bhfaisnéis ar fad a gheofar agus a dtascanna á gcur i gcrích acu faoi Airteagal 12 agus Airteagal 13 nó faoi fhoráil nó dlí náisiúnta ar bith lena dtugtar éifeacht dóibh, ach amháin i ndáil le húdaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar na gníomhaíochtaí. Beidh cearta dílseánaigh ar cosaint.
11. Glacfaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta páirt sna gníomhaíochtaí caighdeánaithe ábhartha agus sna gníomhaíochtaí rialála ábhartha nó áiritheoidh siad go gcuirfear a bpearsanra atá freagrach as na tascanna measúnaithe